

TG4 Foghlaim: Réamhobair

A Inis do do pháirtí ranga faoi do chéad lá ar scoil.

- An cuimhin leat do chéad lá ar scoil?
- An ndeachaigh duine ar bith leat?
- Ar thaitin sé leat nuair a thosaigh tú ar scoil?

B Scríobh brí leis an bhfocal ar dheis.

an t-ábhar is fearr liom	
pointí arda	
scoil chuimsitheach	
halla staidéir	
áiseanna maithe spóirt	
ualach trom oibre	
foireann peile na scoile	
foireann díospóireachta na scoile	
go leor seomraí ranga	
múinteoirí den scoth	

C Cum abairtí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____



TG4 Foghlaim: Mír a hAon

A

Freagair na ceisteanna.

1. Cé mhéad dalta atá i nGairmscoil na bPiarsach?

- 80
- 180
- 800

2. Cá bhfuil Coláiste Eoin agus Coláiste Íosagáin Lonnaithe?

- ar an gCuarbhóthar Theas
- ar Bhóthar Stigh Lorcáin
- i ndeiseart Thamhlacht

3. Cén fáth a dtaitníonn an cheimic le hEile? (Níos mó ná freagra amháin.)

- toisc go bhfuil sé dúshlánach
- toisc go bhfuil sé suimiúil
- toisc go bhfuil sé éasca

4. Cén t-ábhar praiticiúil nach bhfuil á mhúineadh i gColáiste Eoin?

- Miotalóireacht
- Adhmadóireacht
- Líníocht Theicniúil

B

Ábhair scoile: Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Inis dom faoi na hábhair a dhéanann tú ar scoil.
- Cén t-ábhar is fearr leat?
- Cén t-ábhar nach maith leat agus cén fáth?
- An gceapann tú go bhfuil dóthain ábhar sa scoil?
- An ndearna tú an Idirbhliain? Cén fáth?
- Cé na hábhair phraiticiúla atá ar fáil sa scoil?
- An bhfuil aon ábhar ba mhaith leat a fheiceáil sa scoil amach anseo?
- An bhfuair tú cúnamh acadúil lasmuigh den scoil riamh?

C

Obair bhaile: Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfaigheann tú go leor obair bhaile?
- Cén saghas obair bhaile a thugtar, de ghnáth?
- An gcuidíonn obair bhaile leis an bhfoghlaim, dar leat?

Anois, breac síos liosta de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an obair bhaile. Ansin, ullmhaigh liosta moltaí maidir leis an gcur chuige is fearr le dul i ngleic leis an ualach oibre. Déan cur i láthair gearr don ghrúpa ar na straitéisí foghlama is fearr le dul i ngleic le hobair bhaile.



A

Freagair na ceisteanna.

1. Cé acu de na coistí seo nach luaitear le Coláiste Íosagáin?

- coiste Gaeilge
- coiste timpeallachta
- coiste acadúil

2. Cén na spóirt is mó atá i gColáiste Eoin? (Níos mó ná freagra amháin.)

- peil Ghaelach ficheall
- rugbaí cispheil
- iomáint

3. Cén saghas comórtais é “Scléip”?

- comórtas díospóireachta
- comórtas drámaíochta
- comórtais ceoil

B

Plé ranga: Na laethanta is fearr de do shaol.

- An bhfuil tusa ag déanamh freastail ar scoil aonghnéis nó scoil chomhoideachais?
- Cé acu is fearr leat?
- An aontaíonn tú gurb iad do chuid laethanta scoile na laethanta is fearr de do shaol?
- Céard iad na cuimhní is fearr agus is measa atá agat faoin scoil?
- Céard ba cheart do scoileanna múineadh do dhaoine óga?
- An bhfuil rudaí a mhúintear sa scoil nach bhfuil tábhacht ar bith ag gabháil leo, dar leat?
- Ceard é an rud is tábhachtaí a d’fhoghlaim tusa ar scoil?
- Cén fáth nach dtaitníonn an scoil le go leor daoine óga, dar leat?

C

Cairde: Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard a dhéanann tú ag am lóin?
- An bhfuil áiseanna maithe spóirt ar fáil sa scoil?
- Cé hiad na cairde atá agat ag an scoil?
- An mbíonn bulaíocht ar siúl i do scoilse?
- An mbíonn tú ag staidéar le do chuid cairde?
- An bhfuil gráid mhaithe tábhachtach duitse?
- An bhfuil tú ag iarraidh dul go dtí an ollscoil tar éis na hArdteistiméireachta?


A Freagair na ceisteanna.
1. Cuir tic le gach buntáiste a luann na daltaí maidir le héide scoile.

- | | |
|--|--|
| <input type="checkbox"/> ní bhíonn ort smaoineamh ar éadaí ar maidin | <input type="checkbox"/> seachnaítear comórtas idir daltaí |
| <input type="checkbox"/> tá éide scoil compórdach | <input type="checkbox"/> cothaíonn éide scoile ionannas scoile |
| <input type="checkbox"/> cuidíonn éide scoile le rialacha eile a chur i bhfeidhm | |

2. Cén t-am a chríochnaíonn an lá scoile i nGairmscoil na bPiarsach?

- a leathuair tar éis a trí
- a ceathrú chun a ceathair
- a ceathair a chlog

3. Cén buntáiste atá leis an scrúdú macasamhail, nó bréagscrúdú, dar le dalta amháin?

- is cleachtadh maith é don Ardteist
- is deis é díriú ar na hábhair is laige atá agat
- tugann sé deis duit do leibhéal ceart a aimsiú

B Rialacha na scoile.

- An bhfuil go leor rialacha sa scoil?
- Céard a tharlaíonn do dhaltaí nuair a bhriseann siad rialacha na scoile?
- Cén fáth a ndéanann daltaí caimiléireacht?
- Cén chaoi a ndéanann siad caimiléireacht?
- Ar chóir a bheith dian ar chaimiléirí, dar leat?
- An caimiléireacht atá i gceist nuair a chóipeálann duine obair bhaile?
- Céard a tharlaíonn muna ndéantar an obair bhaile?
- An gcuireann do chuid tuismitheoirí béim láidir ar rialacha na scoile?
- An gcuireann múinteoirí ar leith níos mó béime ar na rialacha sa scoil?
- Céard a tharlaíonn i do scoilse muna gcaitheann tú an éide scoile?
- An gceapann tú go bhfuil rialacha maidir le héide scoile ag teastáil?

C An córas oideachais.

- Cén tábhacht a bhaineann le hardchaighdeán oideachais, dar leat?
- An gceapann tú go bhfuil ardchaighdeán oideachais faighte agatsa go dtí seo?
- Cén fhad atá an lá scoile agus an bhfuil tú sásta leis?
- An gceapann tú gur chóir do gach duine óg freastal ar scoil ar feadh na bliana?
- Céard a cheapann tú faoi scrúdú na hArdteistiméireachta?
- An córas maith atá san Ardteist chun daltaí a mheas?
- An gceapann tú go bhfuil ualach oibre rómhór ar dhaltaí?
- Céard a cheapann tú faoin oideachas ar líne?
- Cén t-athrú is mó atá ag teastáil sa chóras oideachais, dar leat?
- Ar mhaith leat a bheith ag obair le cúrsaí oideachais amach anseo?